Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Meán Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**13574/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0345(NLE)**

**VISA 189**
**MIGR 299**
**RELEX 1107**
**COAFR 329**
**COMIX 421**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 569 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gComhairle lena n-ausghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE)2022/2459 maidir le táille víosa mhéadaithe a chur i bhfeidhm i ndáil leis an nGaimbia |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 569 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 569 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 27.9.2023
COM(2023) 569 final

2023/0345 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

## lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2459 maidir le táille víosa mhéadaithe a chur i bhfeidhm i ndáil leis an nGaimbia

GA GA

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

I gcomhréir le hAirteagal 25a(2) de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 (an 'Cód Víosaí')[1], déanfaidh an Choimisiún measúnú go tráthrialta ar chomhar na dtríú tíortha maidir leis an athligean isteach agus déanfaidh sé tuarascáil don Chomhairle ar a laghad uair amháin sa bhliain.

Ar bhonn an mheasúnaithe bhliantúil a rinneadh ar an gcomhar in 2019, agus aird á tabhairt ar na bearta a rinne an Coimisiún chun feabhas a chur ar leibhéal comhair an tríú tír lena mbaineann i réimse an athligean isteach agus ar chaidreamh foriomlán an Aontais leis an tríú tír sin, mheas an Coimisiún nach raibh an Ghaimbia ag comhoibriú go leordhóthanach agus go raibh gá le gníomhaíocht dá bhrí sin. An 15 Iúil 2021, i gcomhréir le hAirteagal 25a(5), pointe (a), den Chód Víosaí, ghlac an Coimisiún togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lenar cuireadh ar fionraí cur i bhfeidhm na bhforálacha in Airteagal 14(6), pointe (b), Airteagal 16(5), Airteagal 23(1) agus Airteagal 24(2) agus (2c) den Chód Víosaí i ndáil le náisiúnaigh den Ghaimbia. Ghlac an Chomhairle Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1781 an 7 Deireadh Fómhair 2021[2].

I gcomhréir le hAirteagal 25a(2) den Chód Víosaí, rinne an Coimisiún measúnú leanúnach ar an gcomhar leis an nGaimbia maidir leis an athligean isteach tar éis theacht i bhfeidhm Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1781 ón gComhairle. Ar bhonn an mheasúnaithe bhliantúil ar an gcomhar a rinneadh in 2020, ba é conclúid an Choimisiúin nach raibh éifeacht leis na bearta a cuireadh i bhfeidhm toisc nach raibh an comhar maidir leis an athligean isteach leordhóthanach go fóill, cé go ndearnadh forbairtí go pointe áirithe.

Dá bhrí sin, an 9 Samhain 2022 ghlac an Coimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 25a(5), pointe (b) den Chód Víosaí, togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle maidir le táille víosa mhéadaithe EUR 120 a chur i bhfeidhm i ndáil le náisiúnaigh den Ghaimbia. Ghlac an Chomhairle Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2459 an 8 Nollaig 2022[3].

I gcomhréir le hAirteagal 25a(6) den Chód Víosaí, déanfaidh an Coimisiún measúnú agus tuairisciú leanúnach, ar bhonn na dtáscairí a leagtar amach i mír 2 den Airteagal sin, an féidir feabhas suntasach agus inbhuanaithe ar an gcomhar leis an tríú tír lena mbaineann maidir leis an athligean isteach a shuí agus, agus caidreamh foriomlán an Aontais leis an tríú tír sin á chur san áireamh freisin, féadfaidh sé togra a chur faoi bhráid na Comhairle chun na cinntí cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 5 den Airteagal sin a aisghairm nó a leasú.

Tar éis theacht i bhfeidhm Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2459 ón gComhairle, i gcomhréir le hAirteagal 25ú(6) den Chód Víosaí, lean an Coimisiún de mheasúnú a dhéanamh ar an gcomhar ón nGaimbia maidir leis an athligean isteach, lena n-áirítear an cúnamh a sholáthraítear i dtaca le náisiúnaigh den Ghaimbia a fhanann go neamhdhleathach ar chríoch

[1] Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 lena mbunaítear Cód Comhphobail maidir le Víosaí (Cód Víosaí), IO L 243, 15.9.2009, lch. 1.

[2] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1781 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2021 maidir le forálacha áirithe de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur ar fionraí i ndáil leis an nGaimbia.

[3] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2459 ón gComhairle an 8 Nollaig 2022 maidir le táille víosa mhéadaithe a chur i bhfeidhm i ndáil leis an nGaimbia.

na mBallstát a shainaithint, i dtaca le heisiúint thráthúil doiciméad taistil, agus i dtaca le hoibríochtaí um fhilleadh a eagrú.

Mheas an Coimisiún gur féidir feabhas suntasach agus inbhuanaithe sa chomhar maidir leis an athligean isteach a shuí i ndáil le heitiltí agus oibríochtaí um fhilleadh a eagrú, ón tráth a tháinig Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2459 ón gComhairle i bhfeidhm.

Mar sin féin, níl an comhar leis an nGaimbia maidir leis an athligean isteach leordhóthanach go fóill i ndáil leis an gcúnamh a sholáthraítear i dtaca leis na náisiúnaigh den Ghaimbia a fhanann go neamhdhleathach ar chríoch na mBallstát uile a shainaithint, ná i dtaca le heisiúint thráthúil doiciméad taistil. Ina theannta sin, ba cheart acmhainneacht nó minicíocht eitiltí cairtfhostaithe a mhéadú chun go bhféadfar an líon daoine a fhanann go neamhdhleathach sna Ballstát a laghdú go hinbhuanaithe. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún gur cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1781 ón gComhairle a choinneáil i bhfeidhm.

*Cás na Gaimbia*

Tháinig an socrú neamhcheangailteach um athligean isteach a rinne an tAontas leis an nGaimbia (‘Dea-chleachtais maidir le sainaithint agus filleadh’) i bhfeidhm an 16 Samhain 2018.

Tar éis ghlacadh Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1781 ón gComhairle, chuir an Coimisiún agus Ardionadaí an Aontais feabhas ar a gcaidreamh le húdaráis na Gaimbia i ndáil leis an gcomhar maidir leis an athligean isteach ar gach leibhéal, sa Bhruiséil agus in Banjul araon, agus lean siad leis an bhfaireachán ar an gcomhar ón nGaimbia.

Dhearbhaigh an tAontas an athuair gurbh ghá an comhar a atosú maidir le hiarratais ar athligean isteach a phróiseáil agus oibríochtaí um fhilleadh ar bhonn an tsocraithe um athligean isteach atá ann cheana, lena n-áirítear le linn cruinnithe ardleibhéil le hAireacht Gnóthaí Eachtracha na Gaimbia, agus le linn an chéad chruinnithe den Mheitheal Chomhpháirteach faoin socrú AE um athligean isteach a tionóladh i mí Dheireadh Fómhair 2022. Leag an Coimisiún béim ar an ngá atá ann an comhar a athsheoladh maidir le gach céim den phróiseas um athligean isteach, go háirithe trí phróiseáil agus freagrúlacht na n-ambasáidí a athghníomhú i leith gach Ballstát chun dul chun cinn inbhuanaithe agus suntasach a bhaint amach.

D’ainneoin rannpháirtíocht leanúnach an Aontais chun leibhéal an chomhair ón nGaimbia a fheabhsú, níor baineadh an dul chun cinn sin amach maidir le gach céim den nós imeachta um athligean isteach.

Lean an Coimisiún agus Ardionadaí an Aontais de bheith ag saothrú caidreamh feabhsaithe le húdaráis na Gaimbia tar éis ghlacadh Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2459 ón gComhairle freisin. Dhearbhaigh an Coimisiún an athuair a raibh uaidh maidir le hiarratais ar athligean isteach a phróiseáil agus luas seasta a bhaint amach i dtaca leis na hoibríochtaí um fhilleadh, ar bhonn an tsocraithe um athligean isteach atá ann cheana, chun an riaráiste atá ann cheana a laghdú, lena n-áirítear le linn cruinnithe oifigiúla sinsearacha agus an dara cruinniú den Mheitheal Chomhpháirteach i mí an Mhárta 2023.

Thug an Coimisiún aitheantas do roinnt beart a rinne an Ghaimbia, ach thug sé dá aire go raibh gá le tuilleadh iarrachtaí chun a áirithiú go gcuirfí an socrú um athligean isteach chun feidhme i leith gach Ballstát, agus gur ghá cur leis na gníomhaíochtaí a bhí ar bun cheana féin chun dul chun cinn inbhuanaithe agus suntasach a bhaint amach i ngach céim den nós imeachta um athligean isteach.

Ag deireadh na bliana 2022 agus in 2023, faoi chuimsiú na measúnuithe leanúnacha a rinne an Coimisiún ar bhonn sonraí agus faisnéis arna soláthar ag na Ballstáit agus ag institiúidí,

comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais, ón bplé i meithleacha ábhartha na Comhairle agus i gcruinnithe de ghrúpaí saineolaithe, agus ar bhonn na faisnéise arna malartú leis an nGaimbia le linn cruinnithe den Mheitheal Chomhpháirteach, thuairiscigh na Ballstáit bearta cuiditheacha a rinne an Gaimbia. Go háirithe, rinne an Ghaimbia bearta chun cumarsáid a éascú trí phointe fócasach um athligean isteach a cheapadh, agus rinne sí bearta chun a áirithiú go raibh eitiltí cairtfhostaithe ar siúl go fóill trí cheadanna tuirlingthe a eisiúint go tráthúil. De thoradh na mbeart sin tháinig feabhas páirteach ar an gcomhar oibríochtúil i leith roinnt Ballstát, lena n-áirítear maidir le freagrúlacht mhéadaithe ó roinnt ambasáidí de chuid na Gaimbia, misin aitheantais a eagrú agus doiciméid taistil a eisiúint laistigh den tréimhse ama a comhaontaíodh sa socrú um athligean isteach. Dá bhrí sin, is féidir feabhas suntasach agus inbhuanaithe maidir leis an athligean isteach a shuí i ndáil le heitiltí agus oibríochtaí um fhilleadh a eagrú.

Mar sin féin, níl an comhar leis an nGaimbia maidir leis an athligean isteach leordhóthanach go fóill i ndáil leis an gcúnamh a sholáthraítear i dtaca leis na náisiúnaigh den Ghaimbia a fhanann go neamhdhleathach ar chríoch na mBallstát a shainaithint, i dtaca le heisiúint thráthúil doiciméad taistil, ná i dtaca le hacmhainneacht agus minicíocht eitiltí cairtfhostaithe chun go bhféadfar an líon daoine a fhanann go neamhdhleathach sna Ballstát a laghdú go hinbhuanaithe.

Dá bhrí sin, ar bhonn an mhéid thuas, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún Cinneadh Cur Chun Feidhme 2022/2459 ón gComhairle a aisghairm. Ciallaíonn sé sin go mbeidh feidhm arís ag an táille chaighdeánach EUR 80 maidir le náisiúnaigh den Ghaimbia.

Mar sin féin, ós rud é nach bhfuil an comhar leis an nGaimbia maidir leis an athligean isteach leordhóthanach go fóill i ndáil leis an gcúnamh a sholáthraítear i dtaca leis na náisiúnaigh den Ghaimbia a fhanann go neamhdhleathach ar chríoch na mBallstát uile a shainaithint, i dtaca le heisiúint thráthúil doiciméad taistil, ná i dtaca le hacmhainneacht agus minicíocht eitiltí cairtfhostaithe chun go bhféadfar an líon daoine a fhanann go neamhdhleathach sna Ballstát a laghdú go hinbhuanaithe, measann an Coimisiún go cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1781 ón gComhairle a choinneáil i bhfeidhm.

*Caidreamh foriomlán an Aontais leis an nGaimbia*

Ó bhí an t-aistriú daonlathach ann in 2017, tá tacaíocht sheasmhach pholaitiúil agus airgeadais á soláthair ag an Aontas don Ghaimbia. Tá an tAontas fós ag tacú le cobhsú agus comhdhlúthú an daonlathais sa tír, lena n-áirítear an t-athchóiriú bunreachtúil agus athchóiriú na hearnála slándála i measc nithe eile.

Tá imchlúdach airgeadais de EUR 119 milliún ag an gclár Táscach Ilbhliantúil Náisiúnta a bhunaigh an tAontas don tréimhse 2021-2024 chun cuidiú leis an nGaimbia tríd an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta, agus cumhdaítear na 3 réimse tosaíochta seo a leanas leis: dea-rialachas, geilleagar glas le haghaidh fás eacnamaíoch agus poist inbhuanaithe, agus forbairt dhaonna a chur chun cinn.

Tairbhíonn an tír de rochtain saor ó dhleacht agus saor ó chuóta ar an margadh Eorpach faoin scéim 'Gach Ní Seachas Airm'. Síníodh comhaontú comhpháirtíochta 6 bliana maidir le hiascaigh idir an tAontas agus an Ghaimbia sa bhliain 2019. Is páirtí í an Ghaimbia i gComhaontú Cotonou.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an cinneadh atá beartaithe comhsheasmhach leis an gCód Víosaí lena socraítear rialacha comhchuibhithe an chomhbheartais víosaí lena rialaítear na nósanna imeachta agus na

coinníollacha maidir le víosaí a eisiúint le haghaidh tréimhsí fanachta atá beartaithe ar chríoch na mBallstát nach faide ná 90 lá in aon tréimhse 180 lá. Cuireann an cinneadh a mholtar leis na bearta a cuireadh i bhfeidhm cheana ó bhí deireadh na bliana 2021 agus an bhliain 2022 ann i ndáil leis an nGaimbia faoi Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1781 ón gComhairle agus Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2459 ón gComhairle agus dá bhrí sin tá sé comhsheasmhach leo.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Cuireann an tAontas cur chuige cuimsitheach i leith na himirce agus an easáitithe éigeantais chun cinn, cur chuige atá bunaithe ar luachanna agus freagrachtaí comhroinnte. Sa Chomhshocrú Nua maidir le hImirce agus Tearmann tá sé beartaithe comhpháirtíochtaí cothroma cuimsitheacha saincheaptha a fhorbairt agus a shaothrú chun an comhar a chothú maidir le gach gné atá ábhartha:

– cosaint a sholáthar dóibh siúd a bhfuil gá acu léi agus tacaíocht a sholáthar do thíortha óstacha agus do phobail óstacha;
– deiseanna eacnamaíocha a chothú agus aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na himirce neamhrialta agus an easáitithe éigeantais;
– tacú le comhpháirtithe chun rialachas agus bainistiú na himirce a neartú;
– an comhar a chothú maidir leis an bhfilleadh agus leis an athligean isteach;
– conairí dlíthiúla isteach san Eoraip a fhorbairt.

Gné thábhachtach den bheartas sin is ea an comhar idir na Ballstáit agus tríú tíortha maidir le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a athligean isteach. Chun comhpháirtíochtaí cuimsitheacha den chineál sin a neartú agus chun lánchomhar ó thríú tíortha a áirithiú, d’iarr an Chomhairle Eorpach ar an Aontas leas a bhaint as gach uirlis atá ar fáil, lena n-áirítear an comhar um fhorbairt, an trádáil, nó bearta víosaí[4].

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 lena mbunaítear Cód Comhphobail maidir le Víosaí (Cód Víosaí), Airteagal 25a(6).

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Neamhbhainteach

- **Comhréireacht**

Is é is aidhm don bheart a mholtar na bearta víosa a choigeartú, chun aitheantas a thabhairt do na hiarrachtaí a bhfacthas go dtí seo arna ndéanamh ag an nGaimbia feabhas a chur ar an gcomhar maidir le hathligean isteach náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach. Tá siad i gcomhréir leis an gcuspóir atá á shaothrú. Leis an mbeart atá beartaithe déanfar an táille víosa EUR 80 a athbhunú le haghaidh náisiúnaigh den Ghaimbia. Ní dhéantar difear do

[4] EUCO 22/21 (17)

chumas náisiúnach den Ghaimbia iarratas a dhéanamh ar víosaí ná don fhéidearthacht víosaí a dheonú dóibh.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Neamhbhainteach

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Neamhbhainteach

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Neamhbhainteach

- **Measúnú tionchair**

Neamhbhainteach

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Neamhbhainteach

- **Cearta bunúsacha**

Ní dhéanann na bearta atá beartaithe difear don fhéidearthacht iarratas a dhéanamh ar víosaí ná víosaí a dheonú d'iarratasóirí, agus dá bhrí sin urramaítear leo cearta bunúsacha na n-iarratasóirí, go háirithe an meas ar shaol an teaghlaigh.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Neamhbhainteach

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Neamhbhainteach

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Neamhbhainteach

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

In *Airteagal 1* leagtar amach go n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2459 ón gComhairle an 8 Nollaig 2022 maidir le táille víosa mhéadaithe a chur i bhfeidhm i ndáil leis an nGaimbia. Ciallaíonn sé sin go mbeidh feidhm arís ag an táille chaighdeánach EUR 80, mar a shocraítear in Airteagal 16(1) den Chód Víosaí, maidir le náisiúnaigh den Ghaimbia.

In *Airteagal 2* liostaítear iad siúd a ndírítear an cinneadh atá beartaithe orthu, i.e. na Ballstáit ábhartha.

2023/0345 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

## lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2459 maidir le táille víosa mhéadaithe a chur i bhfeidhm i ndáil leis an nGaimbia

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 lena mbunaítear Cód Comhphobail maidir le Víosaí (Cód Víosaí)[5], agus go háirithe Airteagal 25a(6) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Measadh nach raibh an comhar leis an nGaimbia maidir leis an athligean isteach leordhóthanach i gcomhréir le hAirteagal 25a(2) de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009. Agus aird á tabhairt ar na bearta a rinne an Coimisiún chun feabhas a chur ar an leibhéal comhair, agus ar chaidreamh foriomlán an Aontais leis an nGaimbia, measadh nach raibh an comhar ón nGaimbia i gcúrsaí athligean isteach leordhóthanach agus go raibh gá le gníomhaíocht ón Aontas dá bhrí sin.

(2) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1781[6] cuireadh cur i bhfeidhm forálacha áirithe de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ar fionraí i ndáil le náisiúnaigh den Ghaimbia.

(3) Sa mheasúnú a rinneadh ar an gcomhar leis an nGaimbia maidir leis an athligean isteach, tar éis ghlacadh Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1781, léiríodh nár tháinig aon fheabhas suntasach ar an gceist, ós rud é go raibh an comhar maidir le sainaithint, eisiúint doiciméad taistil agus oibríochtaí um fhilleadh dúshlánach go fóill. Cé go ndearnadh forbairtí go pointe áirithe, ní raibh an comhar maidir leis an athligean isteach leordhóthanach go fóill, agus bhí gá fós le feabhsuithe suntasacha agus inbhuanaithe. Dá bhrí sin, le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2459[7] tugadh isteach táille víosa mhéadaithe le haghaidh náisiúnaigh den Ghaimbia.

(4) Sa mheasúnú leanúnach a rinne an Coimisiún ar an gcomhar ón nGaimbia maidir leis an athligean isteach i ndiaidh Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2459 léirítear gur féidir feabhas suntasach agus inbhuanaithe maidir leis an athligean isteach a shuí i ndáil le heitiltí agus oibríochtaí um fhilleadh a eagrú. Dá bhrí sin, ní gá táille víosa

[5] IO L 243, 15.9.2009, lch. 1.

[6] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1781 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2021 maidir le forálacha áirithe de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur ar fionraí i ndáil leis an nGaimbia (IO L 360, 11.10.2021, lch. 124).

[7] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2459 ón gComhairle an 8 Nollaig 2022 maidir le táille víosa mhéadaithe a chur i bhfeidhm i ndáil leis an nGaimbia (IO L 321, 15.12.2022, lch. 18).

mhéadaithe a chur i bhfeidhm a thuilleadh maidir le náisiúnaigh den Ghaimbia agus ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2459 a aisghairm.

(5) Sa mheasúnú leanúnach a rinne an Coimisiún ar an gcomhar ón nGaimbia maidir leis an athligean isteach léirítear freisin nach bhfuil an comhar leis an nGaimbia maidir leis an athligean isteach leordhóthanach go fóill i ndáil leis an gcúnamh a sholáthraítear i dtaca leis na náisiúnaigh den Ghaimbia a fhanann go neamhdhleathach ar chríoch na mBallstát uile a shainaithint, i dtaca le heisiúint thráthúil doiciméad taistil, ná i dtaca le hacmhainneacht agus minicíocht eitiltí cairtfhostaithe chun go bhféadfar an líon náisiúnach den Ghaimbia a fhanann go neamhdhleathach sna Ballstát a laghdú go hinbhuanaithe. Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1781 a choinneáil i bhfeidhm.

(6) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm. Ós rud é go gcuireann an Cinneadh seo le *acquis* Schengen, tá an Danmhairg le cinneadh a dhéanamh, i gcomhréir le hAirteagal 4 den Phrótacal sin, laistigh de thréimhse 6 mhí tar éis don Chomhairle cinneadh a dhéanamh maidir an gCinneadh seo, an gcuirfidh sí chun feidhme ina dlí náisiúnta é.

(7) Is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil Éire rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle[8]; dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(8) A mhéid a bhaineann leis an Íoslainn agus an Iorua, is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha ó *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt[9], ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe B, de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle[10].

(9) A mhéid a bhaineann leis an Eilvéis, is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt[11], ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe B, de Chinneadh 1999/437/CE arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2008/146/CE ón gComhairle[12].

---

8 Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen (IO L 64, 7.3.2002, lch. 20).

9 IO L 176, 10.7.1999, lch. 36.

10 Cinneadh 1999/437/CE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le socruithe áirithe i dtaca le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 176, 10.7.1999, lch. 31).

11 IO L 53, 27.2.2008, lch. 52.

12 Cinneadh 2008/146/CE ón gComhairle an 28 Eanáir 2008 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 53, 27.2.2008, lch. 1).

(10) A mhéid a bhaineann le Lichtinstéin, is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Phrótacail idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt[13], ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe B, de Chinneadh 1999/437/CE arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2011/350/AE ón gComhairle[14].

(11) Is é atá sa Chinneadh seo gníomh atá ag cur le *acquis* Schengen nó atá gaolmhar leis ar dhóigh eile, de réir bhrí Airteagal 3(2) d'Ionstraim Aontachais 2003, agus Airteagal 4(2) d'Ionstraim Aontachais 2005 faoi seach,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2459.

*Airteagal 2*

Is chuig Ríocht na Beilge, Poblacht na Bulgáire, Poblacht na Seice, Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, Poblacht na hEastóine, an Phoblacht Heilléanach, Ríocht na Spáinne, Poblacht na Fraince, Poblacht na Cróite, Poblacht na hIodáile, Poblacht na Cipire, Poblacht na Laitvia, Poblacht na Liotuáine, Ard-Diúcacht Lucsamburg, an Ungáir, Poblacht Mhálta, Ríocht na hÍsiltíre, Poblacht na hOstaire, Poblacht na Polainne, Poblacht na Portaingéile, an Rómáin, Poblacht na Slóivéine, Poblacht na Slóvaice, Poblacht na Fionlainne, agus Ríocht na Sualainne a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

13 IO L 160, 18.6.2011, lch. 21.

14 Cinneadh 2011/350/AE ón gComhairle an 7 Márta 2011 maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, a bhaineann le seiceálacha ag na teorainneacha inmheánacha a dhíothú agus le gluaiseacht daoine (IO L 160, 18.6.2011, lch. 19).